2025/1123

4.6.2025

CINNEADH (AE) 2025/1123 ÓN gCOMHAIRLE

an 26 Bealtaine 2025

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i mBord Gobharnóirí Fhondúireacht Idirnáisiúnta AE-MLC maidir le Rialacháin Foirne Fhondúireacht Idirnáisiúnta AE-MLC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 209(2) agus Airteagal 212 de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinne an tAontas an Comhaontú lena mbunaítear Fondúireacht Idirnáisiúnta AE-MLC [1] ('an Comhaontú') a thabhairt i gcrích le Cinneadh (AE) 2019/593 [2] ón gComhairle agus tháinig sé i bhfeidhm an 17 Bealtaine 2019.

(2) De bhun Airteagal 11(d) den Chomhaontú, féadfaidh Bord Gobharnóirí Fhondúireacht Idirnáisiúnta AE-MLC ('an Bord Gobharnóirí') rialacháin foirne a ghlacadh ar bhonn togra ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin.

(3) Tá an Bord Gobharnóirí, tar éis a 10ú Gnáthchruinniú an 24 Bealtaine 2024, le Rialacháin Foirne Fhondúireacht Idirnáisiúnta AE-MLC ('na Rialacháin Foirne') a ghlacadh le nós imeachta i scríbhinn.

(4) Leis na Rialacháin Foirne, rialófar na coinníollacha fostaíochta agus saineofar cearta agus oibleagáidí na mball foirne atá ag obair d'Fhondúireacht Idirnáisiúnta AE-MLC, a ndéanann an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ionadaíocht dhlíthiúil uirthi.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Bhord Gobharnóirí a bhunú, ós rud é gur gá toiliú chomhaltaí Fhondúireacht Idirnáisiúnta AE-MLC a fháil chun na Rialacháin Foirne a ghlacadh.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart seasamh an Aontais sa Bhord Gobharnóirí maidir leis na Rialacháin Foirne a bheith bunaithe ar dhréachtghníomh an Bhoird Gobharnóirí atá i gceangal leis an gCinneadh seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais, le nós imeachta i scríbhinn, i mBord Gobharnóirí Fhondúireacht Idirnáisiúnta AE-MLC ('an Bord Gobharnóirí') maidir le Rialacháin Foirne Fhondúireacht Idirnáisiúnta AE-MLC, beidh sé bunaithe ar dhréachtghníomh an Bhoird Gobharnóirí atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Bealtaine 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. KALLAS

---

[1] An Comhaontú lena mbunaítear Fondúireacht Idirnáisiúnta AE-MLC (IO L 103, 12.4.2019, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2019/593/oj).

[2] Cinneadh (AE) 2019/593 ón gComhairle an 8 Aibreán 2019 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe lena mbunaítear Fondúireacht Idirnáisiúnta AE-MLC (IO L 103, 12.4.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/593/oj).

DRÉACHT

RIALACHÁIN FOIRNE FHONDÚIREACHT IDIRNÁISIÚNTA AE-MLC

Airteagal 1

Cuspóir agus Raon Feidhme an Chur i bhFeidhm

1. Leis na Rialacháin Foirne seo ('na Rialacháin') rialaítear na coinníollacha fostaíochta agus sainítear cearta agus oibleagáidí na mball foirne atá ag obair d'Fhondúireacht Idirnáisiúnta AE-MLC ('Fondúireacht AE-MLC' nó 'an Fhondúireacht'), a ndéanann an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ionadaíocht dhlíthiúil uirthi. Leis na Rialacháin seo, bunaítear freisin na caighdeáin oibre ghinearálta lena rialaítear bainistiú riaracháin agus saothair idir Fondúireacht AE-MLC agus a foireann, chun a áirithiú go ndéanfar an obair laistigh de chreat trédhearcach éifeachtúil. Ní thiocfaidh na Rialacháin seo salach ar Chomhaontú Bunaidh Fhondúireacht AE-MLC ('an Comhaontú') ná ar an gComhaontú Ceanncheathrún a síníodh idir an Fhondúireacht agus Poblacht Chónaidhme na Gearmáine (an Comhaontú Ceanncheathrún); i gcás coinbhleachta, beidh forlámhas ag an gComhaontú agus ag an gComhaontú Ceanncheathrún, san ord sin.

2. Mura bhforáiltear a mhalairt, cuirfear na Rialacháin seo i bhfeidhm maidir le gach ball foirne buan nó sealadach atá ag obair d'Fhondúireacht AE-MLC.

Airteagal 2

Foireann agus Earcaíocht

1. Is iad daoine aonair a bheidh ar fhoireann Fhondúireacht AE-MLC, ar daoine iad a shíníonn conradh fostaíochta leis an bhFondúireacht chun na dualgais a bhaineann leis na poist shonracha laistigh den struchtúr eagraíochtúil a d'fhormheas an Bord Gobharnóirí a chomhlíonadh, ar bhonn togra ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin.

2. Daoine aonair arna gceapadh nó arna dtabhairt ar iasacht ag aon cheann de Chomhaltaí na Fondúireachta, ag comhpháirtithe straitéiseacha na Fondúireachta, nó ag eagraíochtaí nó eintitis eile a bhaineann leis an bhFondúireacht, i gcomhaontú léi, measfar gur cuid dá foireann iad. Sna cásanna sonracha sin, áfach, glacfaidh an tír, an comhpháirtí straitéiseach, an eagraíocht nó an t-eintiteas a cheapfaidh nó a thabharfaidh ar iasacht an duine i gceist leis na costais luacha saothair uile, lena n-áirítear sochair shóisialta, costais taistil agus aistrithe, liúntais earraí tí agus suiteála, agus aisdúichiú, más gá. Measfar na daoine aonair a bheith ina mbaill foirne den Fhondúireacht le linn na tréimhse ina gcomhlíonfaidh siad na dualgais ar sannadh dóibh iad, agus tiocfaidh deireadh leis an stádas sin nuair a bheidh na dualgais sin curtha i gcrích, gan aon dliteanas a bheith ar an bhFondúireacht dá bharr sin.

3. Aon duine a théann isteach san Fhondúireacht mar intéirneach ar feadh tréimhse theoranta réamhbhunaithe mar chuid dá oiliúint/hoiliúint oideachais, nó chun críoch taighde, measfar é/í a bheith mar chuid dá foireann freisin. D'fhéadfadh intéirnigh a bheith i dteideal liúntas míosúil a fháil ón bhFondúireacht chun cabhrú leo a speansais taistil agus chothaithe a chlúdach.

4. Beidh sé d'aidhm ag beartas earcaíochta Fhondúireacht AE-MLC baill foirne ard-inniúla éifeachtúla a chur ar conradh agus beidh sé bunaithe ar chur i bhfeidhm phrionsabail an chomhionannais deiseanna agus an neamh-idirdhealaithe.

5. Déanfar foireann Fhondúireacht AE-MLC a earcú trí phróisis roghnúcháin atá oscailte, oibiachtúil, neamhchlaonta agus trédhearcach, bunaithe ar chritéir atá ceaptha go docht chun a chinneadh an bhfuil na hiarrthóirí oiriúnach agus an bhfuil taithí agus inniúlacht acu chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a bhfuil siad ag cur isteach air a chomhlíonadh.

6. D'ainneoin an mhéid sin thuas, déanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin iarracht, a mhéid is féidir, cothromaíocht inscne agus dáileadh geografach dé-réigiúnach a choinneáil.

7. Beidh cruthúnas ar na dintiúir acadúla agus/nó ar an taithí is gá maidir leis an bhfolúntas ag teastáil ó Fhondúireacht AE-MLC agus baill foirne á n-earcú.

8. Déanfar an fhostaíocht ar fad a rialú trí chonradh fostaíochta i scríbhinn, a shíneoidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus an iarrthóir roghnaithe.

9. Féadfar foireann Fhondúireacht AE-MLC a fháil ar conradh:

(a) ar feadh tréimhse shonrach/téarma seasta – Conradh fostaíochta arna shíniú ag Fondúireacht AE-MLC leis an iarrthóir roghnaithe ar feadh tréimhse shonrach, ar féidir é a athnuachan suas le trí huaire, le comhaontú frithpháirteach na bpáirtithe, ar feadh tréimhse nach faide san iomlán ná 2 bhliain; nó

(b) ar bhonn neamhiata – Conradh fostaíochta arna shíniú ag Fondúireacht AE-MLC le baill foirne ar mian leis an bhFondúireacht, ar chúiseanna fónta, iad a choinneáil mar chuid di, agus a d'oibrigh di cheana féin ar feadh 2 bhliain ar a laghad.

10. Cinnfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin tréimhsí agus téarmaí athnuachana na gconarthaí fostaíochta arna ndámhachtain do bhaill foirne Fhondúireacht AE-MLC. Beidh uastréimhse 2 bhliain ag an gcéad chonradh fostaíochta a shínítear, i ngach cás.

Náisiúntacht

11. Ó thaobh náisiúntachta de, earcófar baill foirne Fhondúireacht AE-MLC as saoránaigh Chomhaltaí na Fondúireachta.

Eolas agus Taithí

12. Bainfidh baill foirne atá ar conradh ag Fondúireacht AE-MLC leis an gcatagóir a chomhfhreagraíonn don eolas sonrach agus don taithí shonrach is gá le haghaidh na gcúraimí a bhfuil siad ar conradh ina leith. Dá réir sin, agus i gcomhréir leis na feidhmeanna a chuirtear de chúram orthu, agus a bhunófar sa struchtúr foirne arna fhormheas ag an mBord Gobharnóirí, beidh aon cheann de na cineálacha poist seo a leanas acu:

(a) bainistíocht feidhmiúcháin;

(b) gairmiúil; nó

(c) teicniúil agus/nó riarachán.

Conradh Fostaíochta le haghaidh poist Bainistíochta Feidhmiúcháin agus poist Ghairmiúla

13. Go ginearálta, beidh baill foirne feidhmiúcháin agus gairmiúla i dteideal 'Liúntas Suiteála agus Speansais Fillte' a dtugtar tuairisc orthu in Airteagal 4, ach amháin má chinneann an Bord Gobharnóirí a mhalairt ar bhonn moladh ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin.

14. Maidir le baill foirne feidhmiúcháin agus gairmiúla a bhfuil cónaí orthu, tráth a bhfostaithe, níos mó ná 150 ciliméadar ó Chathair Hamburg agus ar gá dóibh athlonnú ansin mar thoradh ar a bhfostaíocht ag an bhFondúireacht, beidh siad i dteideal cistiú a fháil chun costais aistrithe agus liúntais suiteála a chumhdach. Beidh siad i dteideal aisíocaíocht a fháil ar chostais fillte áirithe freisin, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha a dtugtar tuairisc orthu in 'Airteagal 4 – Cearta agus Sochair'.

15. Cuirrfidh baill foirne feidhmiúcháin agus gairmiúla tréimhse phromhaidh 6 mhí i gcrích, agus measfar an conradh fostaíochta a bheith deimhnithe ina dhiaidh sin mura dtugtar fógra i scríbhinn ina mhalairt de chás. Ní chuirfear an tréimhse phromhaidh i bhfeidhm i gcásanna athnuachana nó síntí leanúnacha a chur leis an gconradh fostaíochta.

Conradh Fostaíochta do Phoist Theicniúla agus/nó Riaracháin

16. Go ginearálta, ní bheidh baill foirne teicniúla agus/nó riaracháin i dteideal 'Liúntas Suiteála agus Speansais Fillte' a dtugtar tuairisc orthu in Airteagal 4, ach amháin má chinneann an Bord Gobharnóirí a mhalairt ar bhonn moladh ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin.

17. Déanfar costais na liúntas aistrithe agus suiteála do bhaill foirne teicniúla agus/nó riaracháin a earcófar agus iad ina gcónaí in Hamburg nó laistigh de raon 150 ciliméadar uaidh a ailíniú le costais na liúntas aistrithe agus suiteála do bhaill foirne feidhmiúcháin agus gairmiúla.

18. Cuirfidh baill foirne teicniúla agus riaracháin tréimhse phromhaidh 6 mhí i gcrích, agus measfar an conradh fostaíochta a bheith deimhnithe ina dhiaidh sin mura dtugtar fógra i scríbhinn ina mhalairt de chás. Ní chuirfear an tréimhse phromhaidh i bhfeidhm i gcásanna athnuachana nó síntí leanúnacha a chur leis an gconradh. Féadfar fad na tréimhse promhaidh a choigeartú dá réir i gcás conarthaí a bhfuil fad teoranta leo.

Reachtaíocht agus tuilleamh is infheidhme

19. Beidh na conarthaí fostaíochta uile i gcomhréir leis na forálacha arna mbunú sa reachtaíocht saothair is infheidhme de chuid na tíre óstaí faoi fhorálacha an Chomhaontaithe Ceanncheathrún.

20. Tosóidh baill foirne ag fabhrú tuillimh ón lá a n-aontaíonn na páirtithe gurb é dáta tosaigh na fostaíochta é.

21. Íocfar an méid a thuilltear maidir leis na seirbhísí a sholáthraíonn na baill foirne ar bhonn míosúil, sa tseachtain dheireanach de gach mí.

An áit fostaíochta

22. Is i Hamburg na Gearmáine atá an áit fostaíochta, áit a bhfuil ceanncheathrú na Fondúireachta.

Airteagal 3

Dualgais agus Oibleagáidí

1. Comhlíonfaidh foireann Fhondúireacht AE-MLC a bhfreagrachtaí agus a ndualgais go hoibiachtúil agus go neamhchlaonta, agus tús áite á tabhairt acu dá ndílseacht don Fhondúireacht agus aird á tabhairt acu ar leasanna na Fondúireachta amháin agus go heisiach. Beidh siad lánfhreagrach as a ngníomhaíochtaí agus a ndualgais a chomhlíonadh agus beidh siad faoi réir údarás agus bhainistíocht an Stiúrthóra Feidhmiúcháin.

Ní bheidh baint ag foireann Fhondúireacht AE-MLC le haon ghníomhaíocht a d'fhéadfadh a bheith ar neamhréir le comhlíonadh cuí a gcuid dualgas. Ní ceadmhach d'fhoireann Fhondúireacht AE-MLC an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) treoracha maidir le feidhmiú a ndualgas a iarraidh nó a ghlacadh ó aon rialtas, eintiteas nó duine lasmuigh d'Fhondúireacht AE-MLC; nó

(b) glacadh le honóracha, maisiúcháin, bronntanais nó luach saothair ó aon rialtas nó ó aon fhoinse lasmuigh d'Fhondúireacht AE-MLC nuair is léir go gcuirfeadh sé sin isteach ar oibiachtúlacht agus neamhspleáchas an bhaill foirne nó go mbraithfí go réasúnta go gcuirfeadh sé isteach orthu agus go ndéanfadh sé dochar d'íomhá Fhondúireacht AE-MLC. Beidh an mheastóireacht sin bunaithe, ar an gcéad dul síos, ar bhreithiúnas fónta an bhaill foirne sna himthosca áirithe, agus más gá, is féidir leis an Stiúrthóir Feidhmiúcháin í a dheimhniú i gcásanna ábhartha.

2. Cuirfidh foireann Fhondúireacht AE-MLC an t-eolas agus an taithí ar fad atá acu ar fáil d'Fhondúireacht AE-MLC. Ní dhéanfaidh siad aon fhostaíocht íoctha ghníomhach sa bhreis a d'fhéadfadh a bheith ar neamhréir le leasanna Fhondúireacht AE-MLC, nó a bhféadfadh tionchar diúltach a bheith aici uirthi. Níl feidhm aige sin maidir le poist 'dhíomhaoine' ná mionghníomhaíochtaí comhairleoireachta nó oiliúna mar chomhaltaí de rialtas náisiúnta nó mar bhaill foirne d'institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht de chuid an Aontais, d'eagraíocht idir-rialtasach nó d'eagraíocht chomhchosúil. I gcásanna den sórt sin, is é an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus, i gcás an Stiúrthóra Feidhmiúcháin, an Bord Gobharnóirí a údaróidh na gníomhaíochtaí sin.

3. Leis na pribhléidí agus na díolúintí a bhronnfar ar Fhondúireacht AE-MLC agus ar a foireann, ní dhíolmhófar baill foirne óna n-oibleagáidí príobháideacha ná ó na hoibleagáidí sin a bhaineann le dlíthe agus rialacháin Bhallstáit na Fondúireachta a chomhlíonadh, go háirithe oibleagáidí agus díolúintí thír óstach agus chathair óstach na Fondúireachta de réir an Chomhaontaithe Ceanncheathrún. Tabharfaidh baill foirne fógra don Stiúrthóir Feidhmiúcháin faoi aon chás atá ag teacht salach ar údaráis aon cheann de Bhallstáit na Fondúireachta, i ndáil leis na díolúintí agus na pribhléidí atá i gcomhréir lena stádas mar bhaill foirne Fhondúireacht AE-MLC.

4. Measfar gur mí-iompar tromchúiseach é úsáid mhíchuí ceann amháin nó níos mó de na sainchumais sin agus d'fhéadfadh foirceannadh an chonartha fostaíochta faoi seach a bheith mar thoradh air, gan dochar d'aon dliteanas eile a d'fhéadfadh a bheith ann.

5. Déanfaidh baill foirne iad féin a iompar go heiticiúil agus go gairmiúil agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu, ina gcaidreamh le baill foirne eile, agus nuair a bheidh faisnéis agus sonraí á soláthar acu d'Fhondúireacht AE-MLC, agus dá geallsealbhóirí seachtracha. Ar an gcaoi chéanna, déileálfaidh siad le haon fhaisnéis institiúideach phribhléideach a d'fhéadfadh a bheith ina seilbh acu, nó a bhféadfadh rochtain a bheith acu uirthi, le rúndacht chuí, mar a léirítear sna hIarscríbhinní faoi seach a ghabhann le conarthaí fostaíochta.

Airteagal 4

Cearta agus Sochair

1. Tá sé de cheart ag gach ball foirne go gcaithfí leo go measúil agus de réir rialacha soiléire trédhearcacha. Ina theannta sin, beidh an spás oibre i gcomhréir le caighdeáin sábháilteachta agus chomhshaoil na tíre óstaí.

2. Chun na cearta agus na sochair arna mbunú ag Fondúireacht AE-MLC a fheidhmiú agus a thairbhiú go hiomlán, measfar gur cleithiúnaithe foirne iad na daoine aonair seo a leanas:

(a) céile nó buanchompánach an bhaill foirne nach bhfuil a (h)ioncam féin aige/aici nó nach bhfuil in ann obair a dhéanamh go buan;

(b) leanaí an bhaill foirne faoi bhun 18 mbliana d'aois; agus

(c) leanaí an bhaill foirne os cionn 18 mbliana d'aois go dtí go mbaineann siad 25 bliana d'aois amach, fad is atá siad san ardoideachas – i mbun staidéir ollscoile nó staidéir theicniúla – agus go bhfuil siad i gcleithiúnas go heacnamaíoch ar an mball foirne.

Liúntas Suiteála agus Speansais Fillte

3. De ghnáth, déanfaidh Fondúireacht AE-MLC liúntas a dhámhachtain le haghaidh costais suiteála ag tús an chonartha fostaíochta do bhaill foirne feidhmiúcháin agus gairmiúla. Íocfar an liúntas suiteála ar mhéid é suas le haon tuarastal glan míosúil amháin ar a mhéad nuair a thíolacfar doiciméid tacaíochta.

4. Cumhdóidh Fondúireacht AE-MLC na speansais taistil freisin, agus aisíocfaidh sí na costais aistrithe, lena n-áirítear árachas in aghaidh gnáthrioscaí san aer, ar tír nó ar muir le haghaidh troscáin agus earraí pearsanta, faoi réir thíolacadh na n-admhálacha, na ndeimhnithe, nó na ndoiciméad tacaíochta ábhartha eile. Ní rachaidh an méid a bheidh le haisíoc ag an bhFondúireacht as aistrithe idir-ilchríochacha thar EUR 10 000 agus féadfar é a aistriú chuig an mball foirne ar shonrasc deiridh agus deimhniú sástachta leis an tseirbhís a sholáthraítear a fháil uaidh nó uaithi. Ba cheart don bhall foirne i ngach cás ar a laghad trí thairiscint ó chuideachtaí éagsúla a chur i gceangal, chun a chruthú go raibh an chuideachta a roghnaíodh ar an gceann is áisiúla agus is éifeachtaí ó thaobh costais de. Cumhdófar na costais sin do bhaill foirne agus dá gcleithiúnaithe ag tús a gconartha fostaíochta agus nuair a thiocfaidh deireadh leis. D'fhéadfadh sé go bhfillfí ar láthair eile seachas an láthair bhunaidh inar earcaíodh an t-iarrthóir, ar choinníoll nach mó na costais ná na costais a bhaineann le filleadh ar an áit bhunaidh inar earcaíodh é. Beidh na costais aistrithe infheidhme freisin maidir le cleithiúnaithe an bhaill foirne sin. Seasfar le speansais ag deireadh an chonartha fostíochta faoin gcoinníoll sainráite go dtiocfaidh deireadh leis an gcomhaontú fostaíochta tráth nach luaithe ná dul in éag a théarma tosaigh.

Saoire agus Laethanta Saoire

5. Beidh baill foirne i dteideal 30 lá oibre saoire le pá in aghaidh gach bliana iomláine a oibrítear agus *pro rata* le haghaidh codáin den bhliain a oibrítear. Glacfaidh baill foirne saoire nár úsáideadh in aon bhliain ar leith ina hiomláine go dtí an 31 Márta den bhliain ina dhiaidh sin, ar a dhéanaí.

6. Féadfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin tréimhse bhliantúil sosa chomhchoitinn a shocrú ar feadh 10 lá ar a mhéad le haghaidh thréimhse na Nollag agus na hAthbhliana, ar lena linn a dhúnfar oifig na Fondúireachta agus a ligfear a foireann saor ó dhualgas.

7. Ar choinníoll nach mbeidh na laethanta saoire ag teacht salach ar an ualach oibre, féadfaidh baill foirne a dteidlíocht a ghlacadh gan bhac, tar éis dóibh a bheith údaraithe ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin nó ag an duine a ainmneoidh sé/sí.

Saoire le Pá

8. Beidh baill foirne i dteideal saoire le pá mar a bhunaítear ag gach pointe ama ar leith leis an dlí is infheidhme sa tír óstach agus/nó faoi na himthosca seo a leanas:

(a) **Máithreachas** – Beidh baill foirne Fhondúireacht AE-MLC i dteideal 6 seachtaine féilire saoire roimh an mbreith agus suas le 8 seachtaine féilire ina diaidh (12 sheachtain i gcás ilbhreithe nó réamhbhreithe), ar féidir iad a charnadh;

(b) **Atharthacht** – Beidh baill foirne i dteideal 10 lá oibre saoire tar éis na breithe;

(c) **Méala/éigeandáil teaghlaigh** – Beidh baill foirne i dteideal suas le 4 lá oibre saoire ar a mhéad i gcás bás nó breoiteacht thromchúiseach céile nó comhchónaitheora, mic, iníne, athar, máthar, dearthár nó deirféar. Féadfar síneadh suas le 6 lá oibre a chur leis an tsaoire sin más gá don bhall foirne taisteal lasmuigh den tír óstach;

(d) **Breoiteacht** – Beidh baill foirne i dteideal suas le 6 seachtaine saoire ar a mhéad i gcás breoiteachta a chuireann cosc orthu a bheith ag obair. Tosóidh an tréimhse 6 seachtaine seo as an nua, áfach, le tosú gach breoiteachta murab é an bhreoiteacht bhunúsach chéanna is cúis leis. Más i ngeall ar an mbreoiteacht bhunúsach chéanna í an bhreoiteacht,

tosóidh an teidlíocht arís tar éis 6 mhí a bheith caite ó dheireadh na saoire breoiteachta deireanaí, nó tar éis 1 bhliain a bheith caite ó thús na chéad saoire breoiteachta. In aon chás, solátharóidh an ball foirne an deimhniú leighis comhfhreagrach. Mura ndéantar sin, measfar nach bhfuil údar maith leis an neamhláithreacht.

(e) **Bainis an bhaill foirne féin** – Beidh baill foirne i dteideal 1 lá saoire dá mbainis féin;

(f) **Cúrsaí oiliúna** – Beidh baill foirne i dteideal suas le 5 lá saoire in aghaidh na bliana i gcás freastail nó rannpháirtíochta gníomhaí i seimineáir ghearra agus i gcomhdhálacha gearra a bhaineann go díreach le Téarmaí tagartha an bhaill foirne lena mbaineann;

(g) **Eile** – In imthosca eisceachtúla, d'fhéadfadh baill foirne a bheith i dteideal saoire, lena n-áirítear cúiteamh as laethanta neamhoibre a oibríodh nó aon chúis eile a d'fhéadfadh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a bhreith gur gá léi.

9. Saineoidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin na nósanna imeachta maidir le haon saoire den sórt sin a cheadú, saoire a bheidh, in aon chás, a formheasta ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin nó ag an duine ar tarmligeadh na freagrachtaí sin chuige go sainráite.

Saoire gan phá

10. Beidh baill foirne i dteideal saoire gan phá mar a bhunaítear ag gach pointe ama ar leith leis an dlí is infheidhme sa tír óstach agus/nó sna himthosca seo a leanas:

(a) **Éagumas buan** – D'fhéadfadh baill foirne a bheith i dteideal saoire gan phá i gcás éagumais bhuain sa chás ina gcuireann sé sin cosc iomlán nó páirteach ar an mball foirne a bheith ag obair;

(b) **Eile** – D'fhéadfadh baill foirne a bheith i dteideal saoire gan phá i gcás ina n-údaraíonn an Stiúrthóir Feidhmiúcháin é sin.

11. Chun críoch na Rialachán seo, measfar éagumas a bheith ann nuair a chuirtear cosc iomlán nó páirteach ar an mball foirne a bheith ag obair, go sealadach nó go buan, de dheasca breitheacht choirp nó meabhairghalar nó timpiste.

12. I gcásanna éagumais shealadaigh a mhairfidh níos faide ná 6 mhí as a chéile nó 6 mhí ar leith in 1 bhliain, nó i gcás éagumas buan, féadfaidh Fondúireacht AE-LAC a shonrú go ndeimhníonn gairmí sláinte arna ainmniú ag an bhFondúireacht an tréimhse éagumais, gan dochar don deimhniú a d'fhéadfadh a bheith curtha ar fáil ag dochtúir an bhaill foirne féin.

Árachas

13. Cuirfidh Fondúireacht AE-MLC árachas ar fáil dá foireann agus an cumhdach seo a leanas á chur ar fáil dóibh:

(a) árachas taistil le haghaidh sannacháin taistil, lena n-áirítear árachas saoil;

(b) árachas sláinte reachtúil, árachas cúraim fhadtéarmaigh, agus árachas timpiste arna sholáthar ag córas slándála sóisialta na Gearmáine.

14. Beidh cleithiúnaithe foirne i dteideal cumhdach speansas leighis i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos leis an dlí is infheidhme sa tír óstach.

Íocaíochtaí i gCás Báis

15. Nuair a fhaigheann ball foirne nach raibh cónaí air/uirthi sa tír óstach roimh a f(h)ostaíocht san Fhondúireacht bás agus é/í i bhfostaíocht ghníomhach, glacfaidh Fondúireacht AE-MLC chuici féin na speansais a bhaineann le corp an duine éagtha a aisdúichiú. Beidh na cleithiúnaithe marthanacha i dteideal a bheith aisdúichithe i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa roinn 'Liúntas Suiteála agus Speansais Fillte'.

Airteagal 5

Sannacháin Taistil

1. Chun críoch na Rialachán seo, measfar gurb iad na sannacháin taistil na sannacháin sin a dhéanann foireann Fhondúireacht AE-MLC lasmuigh den áit oibre ina ndéanann siad a ndualgais de ghnáth, fad is a bheidh siad údaraithe go hiomlán agus go cuí ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin nó ag an duine ar tarmligeadh an fhreagracht sin chuige go sainráite.

2. Coinneoidh baill foirne a bpas agus doiciméid taistil eile in ord agus in eagar chun go mbeidh siad ar fáil chun na turais a dhéanamh a shannann Fondúireacht AE-MLC dóibh chun ionadaíocht a dhéanamh uirthi. Aisíocfaidh an Fhondúireacht na speansais a bhaineann le heisiúint na víosaí comhfhreagracha ar na doiciméid tacaíochta ábhartha a fháil.

3. Beidh an t-údarú taistil comhfhreagrach do gach sannachán sínithe go cuí ag an mball foirne i dtrácht agus ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin araon, nó ag an duine ar tarmligeadh an fhreagracht sin chuige go sainráite, chun tionscadal nó gníomhaíocht shonrach a chur i gcrích, agus beidh áit, cuspóir agus fad an tsannacháin, an cúrsa taistil, modhanna agus costais an iompair agus na speansais chóiríochta agus mhaireachtála, chomh maith leis an líne bhuiséid, an ghníomhaíocht nó an tionscadal ar a leithdháilfear na speansais, léirithe ann.

4. Íocfaidh an Fhondúireacht speansais taistil na foirne ar shannacháin, lena n-áirítear costais iompair, chóiríochta agus mhaireachtála, i gcomhréir leis na rátaí *per diem* a luaitear in Iarscríbhinn 2, a fhéadfar a athbhreithniú le linn an scrúdaithe bhuiséadaigh bhliantúil.

Airteagal 6

Freastal ar an Obair

1. 8 uair an chloig in aghaidh an lae nó 40 uair an chloig in aghaidh na seachtaine a bheidh sa ghnáth-am oibre. 5 lá a bheidh sa tseachtain oibre, ó Luan go hAoine agus an dá lá sin san áireamh. Ach amháin má thugann an Stiúrthóir Feidhmiúcháin údarú roimh ré, tá sé éigeantach freastal ar an obair i rith an lae oibre.

2. Nuair nach féidir le ball foirne freastal ar an obair ar chúis ar bith, tabharfaidh sé nó sí fógra go tráthúil don Stiúrthóir Feidhmiúcháin, nó don duine ar tarmligeadh an fhreagracht sin chuige go sainráite. I gcás breoiteachta, tá sé d'oibleagáid ar an mball foirne deimhniú leighis a chur isteach roimh dheireadh an 3ú lá. Má thiteann an bhreoiteacht ar an Aoine nó ar an Luan nó roimh laethanta saoire nó ina ndiaidh, bíonn deimhniú leighis ag teastáil i gcónaí. Faoin lá deireanach is déanaí den bhreoiteacht dheimhnithe, ní mór don bhall foirne an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, nó an duine atá tarmligthe go sainráite chun na críche sin, a chur ar an eolas faoi neamhláithreacht bhreise agus tá sé d'oibleagáid air/uirthi an fianú breise a chur isteach laistigh de 3 lá eile.

3. Aon neamhláithreacht gan údar ón obair a mhaireann 2 lá oibre as a chéile nó 3 lá oibre nach dtagann i ndiaidh a chéile le linn 1 bhliain féilire, measfar gur tréigean an phoist í agus beidh sé le tuiscint mbeidh rabhadh i scríbhinn mar thoradh uirthi.

4. Chomh maith leis an Satharn agus an Domhnach, measfar gurb iad na laethanta neamhoibre na laethanta sin a dhearbhaítear laethanta neamhoibre le reachtaíocht Stát Chathair Shaor agus Hainseatach Hamburg. Ina theannta sin, tabharfar 1 lá comhchoiteann saor ón obair don fhoireann mar chúiteamh as a laethanta Náisiúnta faoi seach.

Airteagal 7

Mí-iompar agus Pionóis

1. Is ar an mball foirne a bheidh an fhreagracht maidir leis na freagrachtaí agus na dualgais atá mar chuid den chonradh fostaíochta, de na Rialacháin seo, de na Rialacháin Inmheánacha nó d'aon fhoráil inmheánach eile de chuid Fhondúireacht AE-MLC a chomhlíonadh agus muna gcomhlíontar iad féadfar a mheas gur mion-mhí-iompar nó mí-iompar tromchúiseach é sin ag brath ar na himthosca.

2. Measfar go ndearna an ball foirne mí-iompar tromchúiseach má sháraigh sé nó sí na hoibleagáidí fíor-riachtanacha arna mbunú ina chonradh nó ina conradh fostaíochta, sna Rialacháin seo, sna Rialacháin Inmheánacha, nó in aon fhoráil inmheánach eile de chuid Fhondúireacht AE-MLC nó má léirigh sé nó sí iompraíocht nach bhfuil ag luí leis na hoibleagáidí sin, ar bhealach a fhágann nach mbeadh sé inmharthana leanúint dá chonradh fostaíochta nó dá conradh fostaíochta. Measfar na nithe seo a leanas a bheith ina gcásanna de mhí-iompar tromchúiseach:

(a) sárú leanúnach nó tromchúiseach ar na dualgais a bhaineann le post ar leith;

(b) a bheith rannpháirteach in aon cheann de na neamh-chomhoiriúnachtaí dá bhforáiltear;

(c) iompraíocht ar bhealach neamheiticiúil, lena n-áirítear gníomhaíochtaí gairmiúla agus saothair; agus

(d) a bheith ciontuithe ag rialú deiridh cúirte.

3. Chun an t-airteagal seo a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm, measfar go bhfuil athshárú ann nuair a thugtar dhá rabhadh i scríbhinn don bhall foirne laistigh de thréimhse 1 bhliana, nó trí rabhadh i scríbhinn laistigh de 2 bhliain. Os a choinne sin, measfar sárú tromchúiseach dualgais a bheith ann nuair a bheidh an fostaí páirteach i gceann amháin nó níos mó de na cásanna eile de mhí-iompar tromchúiseach dá bhforáiltear san airteagal seo.

4. Chun an t-airteagal seo a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm, measfar na gníomhaíochtaí seo a leanas a bheith ina mhí-iompar tromchúiseach de bharr iompair nach bhfuil ag luí le comhlíonadh dualgas:

(a) treoracha a iarraidh nó a ghlacadh maidir le dualgais a chomhlíonadh ó aon rialtas, eintiteas nó duine lasmuigh d'Fhondúireacht AE-MLC; nó

(b) aon ghníomhaíocht a dhéanamh nach luíonn leis an neamhspleáchas agus leis an neamhchlaontacht a cheanglaítear leis an stádas mar bhaill foirne Fhondúireacht AE-MLC agus a d'fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar an bhFondúireacht.

5. Chun an t-airteagal seo a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm, tuigfear gurb iad na gníomhartha seo a leanas atá in iompar mí-eiticiúil:

(a) nuair a chruthaítear go ndearna ball foirne gníomhartha clúmhillte, béadchainte nó leabhail in aghaidh aon bhall foirne de chuid Fhondúireacht AE-MLC nó in aghaidh tríú páirtí;

(b) nuair a chruthaítear go ndearna ball foirne mí-iompar nó cionta in aghaidh cuibhis agus moráltachta de réir na reachtaíochta atá i bhfeidhm sa tír ina ndearnadh an cion sin;

(c) ciapadh;

(d) Earraí nó seirbhísí de chuid na Fondúireachte a mhíleithreasú iarbhír nó iarracht an méid sin a dhéanamh, chomh maith le coinneáil éagórach nó úsáid mhíchuí na n-earraí nó na seirbhísí sin chun tairbhe an bhaill foirne féin nó chun tairbhe tríú páirtithe, gan beann ar a luach;

(e) Gníomhartha foréigin fhisicigh nó mheabhrach a dhéanamh i leith ball foirne eile de chuid Fhondúireacht AE-MLC, bíodh sé laistigh nó lasmuigh den oifig óstach nó d'oifigí brainse.

(f) Damáiste d'aon ghnó do shuiteálacha, do threalamh, d'ionstraimí, do dhoiciméadacht agus do mhaoin eile ar le Fondúireacht AE-MLC iad;

(g) Loitiméireacht;

(h) Sabaitéireacht; agus

(i) An post a thréigean.

D'fhéadfadh sé go ndearnadh na gníomhaíochtaí sin laistigh nó lasmuigh den oifig óstach. Sa chás deireanach sin, beidh an chúis leis an iompar neamheiticiúil bainteach leis an obair.

6. Beidh baill foirne a dhéanann mí-iompar faoi réir nósanna imeachta araíonachta ar cheart ráthaíocht maidir le próis chuí a bheith iontu. Ag brath ar dhéine an mhí-iompair, féadfar ceann amháin nó níos mó de na bearta seo a leanas a dhéanamh:

(a) **Rabhadh ó bhéal** – beidh sé sin mar thoradh ar mhion-mhí-iompar a dhéanamh. Is é an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, nó an duine ar tarmligeadh an fhreagracht sin chuige go sainráite, a thabharfaidh an pionós sin sa chaoi is go n-aithneoidh an ball foirne impleachtaí an mhí-iompair a rinneadh ionas go gcuirfidh sé/sí feabhas ar a (h)iompar amach anseo.

(b) **Rabhadh i scríbhinn** – beidh sé sin mar thoradh ar na nithe seo a leanas:

(1) mion-mhí-iompar a dhéanamh arís agus arís eile; nó

(2) mí-iompar a dhéanamh lena mbaineann mainneachtain freastal ar dhualgais agus ar fhreagrachtaí a luaitear sna Rialacháin seo nó i bhforálacha inmheánacha eile de chuid Fhondúireacht AE-MLC, a ndéanfar tuairisc a thabhairt ar a shaintréithe mar chruthúnas ar an mí-iompar a gearradh pionós air ionas gur féidir leis an mball foirne an t-iompar atá le modhnú agus iarmhairtí a ghníomhaíochtaí nó a gníomhaíochtaí a chur san áireamh go hiomlán.

(c) **Fionraí** – tarlóidh sé sin mar thoradh ar mhí-iompar a tharla arís agus arís eile tar éis an dara rabhadh i scríbhinn. Féadfaidh an fad a bheith éagsúil ag brath ar mheasúnú an Stiúrthóra Feidhmiúcháin.

(d) **Dífhostú** – tarlóidh sé sin mar thoradh ar mhí-iompar tromchúiseach.

7. Féadfar ball foirne a gcuirtear mí-iompar tromchúiseach ina leith a chur ar fionraí le pá fad a fhíoraítear na fíorais, i gcás ina bhfuil tásca ann a thugann le fios go bhfuil údar maith leis an mbeart sin, i dtuairim an Stiúrthóra Feidhmiúcháin agus sa chás sin go heisiach.

8. In aon chás, ní bheidh líomhain mí-iompair thromchúisigh bailí ach amháin ar bhonn oibiachtúil infhíoraithe, agus, má chruthaítear é, d'fhéadfadh foirceannadh an chonartha fostaíochta faoi seach a bheith mar thoradh air, gan dochar d'aon dliteanas dlíthiúil nó coiriúil eile a d'fhéadfadh a bheith ann.

9. Leis seo, cuirtear Sásra um Réiteach Díospóidí i bhfeidhm, agus is é is aidhm dó réiteach cairdiúil a fháil ar shaincheisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn idir an Fhondúireacht agus a foireann. Tá an sásra sin agus a thorthaí ceangailteach ar an dá pháirtí agus tugtar tuairisc mhionsonraithe orthu in Iarscríbhinn 1.

Airteagal 8

Meastóireacht Feidhmíochta ar Bhaill Foirne

1. Beidh gach ball foirne faoi réir meastóireacht bhliantúil feidhmíochta, ar meastóireacht aonair rúnda í. Saineoidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, i gcomhaontú leis an bhfoireann, na céimeanna sonracha chun an mheastóireacht sin a dhéanamh.

2. Ba cheart toradh na meastóireachta a dhoiciméadú i gceart.

Airteagal 9

Conradh Fostaíochta a Fhoirceannadh

1. Seachas i gcás an Stiúrthóra Feidhmiúcháin, a bhfuil coinníollacha an chonartha á rialú le forálacha an Chomhaontaithe, déanfar aon chonradh fostaíochta a fhoirceannadh mar thoradh ar na nithe seo a leanas:

(a) tréimhse an chonartha fostaíochta ag dul in éag;

(b) an ball foirne ag éirí as;

(c) comhaontú frithpháirteach idir na páirtithe;

(d) éagumas buan;

(e) teorainn aoise;

(f) ceanglais oibríochtúla/cúiseanna oibiachtúla; nó

(g) dífhostú mar gheall ar mhí-iompar tromchúiseach/cúis chóir;

2. Maidir le foirceannadh an chonartha fostaíochta mar gheall ar dhífhostú de bharr mí-iompar tromchúiseach, díolmhaítear Fondúireacht AE-MLC ó aon chúiteamh a íoc, gan dochar d'íocaíocht damáistí le Fondúireacht AE-MLC mar thoradh ar mhí-iompar, a d'fhéadfadh a bheith cinntithe trí shocrú frithpháirteach, nó trí imeachtaí eadrána nó breithiúnacha.

3. Is é 65 bliana d'aois an teorainn aoise le bheith ag obair mar bhall foirne d'Fhondúireacht AE-MLC. Baill foirne a bhfuil conradh fostaíochta ar théarma seasta i bhfeidhm acu agus a shroicheann an teorainn aoise a bhunaítear san airteagal seo, leanfaidh siad de bheith ag obair mar bhaill foirne don Fhondúireacht go dtí go bhfoirceannfar an conradh fostaíochta. Baill foirne a bhfuil conradh fostaíochta neamhiata acu, cuirfidh siad deireadh lena seirbhís nuair a shroichfidh siad an teorainn aoise atá leagtha síos.

4. I gcásanna éagumais bhuain, bíodh sé iomlán nó páirteach, féadfaidh an Fhondúireacht an conradh fostaíochta a fhoirceannadh. Ar aon chuma, féadfaidh an ball foirne a bheith i dteideal an ceart éirí as oifig a fheidhmiú i gcónaí.

5. Féadfaidh gach páirtí (baill foirne agus Fondúireacht AE-MLC) an conradh fostaíochta a fhoirceannadh le fógra 4 seachtaine go dtí deireadh míosa má tá fad na seirbhíse níos lú ná 5 bliana. Tar éis 5 bliana seirbhíse, sínfear an tréimhse fógra go dtí 2 mhí, agus tar éis 8 mbliana seirbhíse sínfear an tréimhse fógra go dtí 3 mhí.

6. Féadfaidh Fondúireacht AE-MLC conarthaí fostaíochta a fhoirceannadh ar bhonn aonair nó comhchoiteann ar chúiseanna oibiachtúla, nó mar gheall ar fhoirceannadh seirbhísí.

7. Tuigfear gurb iad na cúiseanna oibiachtúla le conradh fostaíochta le Fondúireacht AE-MLC a fhoirceannadh aon chúis a d'fhéadfadh a fhágáil go mbeadh sé dodhéanta na tuarastail atá dlite a íoc as na seirbhísí a sholáthraíonn na baill foirne.

Airteagal 10

Forálacha Críochnaitheacha

1. Tiocfaidh na Rialacháin seo i bhfeidhm, ar bhonn sealadach, an lá a fhormheasfaidh an Bord Gobharnóirí iad. Tagrófar dóibh mar 'Rialacháin Foirne Fhondúireacht Idirnáisiúnta AE-MLC'. A luaithe a thiocfaidh an Comhaontú Ceanncheathrún idir Poblacht Chónaidhme na Gearmáine agus an Fhondúireacht chun bheith éifeachtach, déanfar na Rialacháin seo a choigeartú chun iad a ailíniú leis an gComhaontú Ceanncheathrún nó measfar iad a bheith cinntitheach mura bhfuil gá le coigeartuithe.

2. Féadfaidh Fondúireacht AE-MLC comhairleoirí, saineolaithe, sainchomhairleoirí nó daoine eile a fháil ar conradh, i bhfoirm Comhaontú maidir le Seirbhísí, lena gcuirtear de chúram orthu tionscadail nó cúraimí sonracha a chur i gcrích le linn don chomhaontú a bheith i bhfeidhm. Aon chomhaontú a bhunófar faoin bhfoirm sin, ní thabharfar le tuiscint leis gurb ann do chonradh fostaíochta idir Fondúireacht AE-MLC agus an páirtí ar conradh, ná aon teidlíocht ar na cearta agus ar na sochair dá bhforáiltear sna Rialacháin seo.

3. Chun críoch na Rialachán seo, tagraíonn an téarma 'leanbh' do leanbh a rugadh laistigh nó lasmuigh de phósadh, d'uchtleanbh agus do leasleanbh.

4. Aon sochar nó aon cheart a dheonaítear d'fhoireann Fhondúireacht AE-MLC leis na Rialacháin seo, tiocfaidh sé i bhfeidhm ón dáta a chomhaontófar tús a gcuid freagrachtaí.

5. Beidh gach ball foirne, lena n-áirítear an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, i dteideal sochar agus beidh siad faoi réir na n-oibleagáidí a bhunaítear leis an gComhaontú, leis na Rialacháin Inmheánacha agus leis na Rialacháin seo, leis na téarmaí a bhaineann lena bpost faoi seach.

6. Eiseoidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin na rialacha cur chun feidhme leordhóthanacha is gá ionas gur féidir na Rialacháin seo a chur i bhfeidhm go hiomlán.

7. Maidir le gach gné ábhartha nach gcumhdaítear leis na Rialacháin seo, beidh forlámhas ag an dlí is infheidhme sa tír óstach.

IARSCRÍBHINN 1

Sásra um Réiteach Díospóidí Fhondúireacht Idirnáisiúnta AE-MLC

Tá dhá chéim ag baint leis an Sásra sin: an chéim inmheánach agus – más gá – an chéim sheachtrach.

1. **AN CHÉIM INMHEÁNACH: na nósanna imeachta atá os comhair an bhoird réitigh inmheánaigh**

1.1 Oibreoidh gach páirtí a bhfuil baint acu le haon díospóid agus / nó easaontas maidir leis an gcaidreamh fostaíochta chun iad a réiteach trí réiteach cairdiúil laistigh de thréimhse réasúnta gasta, nuair is féidir.

1.2 Ball foirne arb éagóir leis nó léi cinneadh bainistíochta (lena n-áirítear cinntí intuigthe ([1])) maidir leis an gcaidreamh fostaíochta idir an ball foirne agus an Fhondúireacht, ar choinníoll go bhfuil leas díreach aige nó aici atá ann cheana a ndearnadh dochar dó, mura mbainfear réiteach cairdiúil amach, féadfaidh sé nó sí gearán a chur isteach ina choinne, ag iarraidh go ndéanfaí é a athmheas, a athbhreithniú, a leasú nó a chúlghairm, go hiomlán nó go páirteach. Seolfaidh an ball foirne a g(h)earán i litir chuig an mBord Réitigh, ach amháin má tá agóid á déanamh in aghaidh an athbhreithnithe nó an ghnímh bainistíochta ag duine de chomhaltaí an Bhoird Réitigh, agus sa chás sin is féidir leis nó léi achomharc a chomhdú go díreach de bhun § 2 thíos. Deánfar an gearán i scríbhinn, i mBéarla, agus é a thaisceadh chuig an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, agus admhóidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin go bhfuair sé nó sí an gearán, agus luafaidh sé nó sí an dáta a fuarthas é i gcóip den ghearán atá le cur ar ais chuig an mball foirne.

1.3 Triúr a bheidh ar an mBord Réitigh: an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, an Stiúrthóir Airgeadais agus Riaracháin, agus an ball foirne arb é an ball foirne is sinsearaí é an tráth sin. Glacfaidh an Bord Réitigh a chinntí ar bhealach simplithe, gan gá a bheith le cruinnithe speisialta. Agus a chinntí á nglacadh aige, féadfaidh an Bord Réitigh tuairim chomhairleoirí na Fondúireachta a lorg maidir leis an ábhar atá faoi dhíospóid (e.g. dlí, saothar, cuntasaíocht, cáin), ach ní bheidh sé d'oibleagáid air an tuairim sin a lorg; ní bheidh sé d'oibleagáid ar an mBord Réitigh údar a thabhairt lena chinneadh gan é sin a dhéanamh nó, má dhéantar é, fianaise a thabhairt ar an tuairim a iarradh.

1.4 Ní fhéadfar gearán a bhunú ach ar chasaoid a dhéantar leis an mball foirne mar gheall ar shárú ar an gcomhaontú fostaíochta ábhartha, ar na Rialacháin seo nó ar rialacha eile lena rialaítear an caidreamh fostaíochta idir an ball foirne agus an Fhondúireacht.

1.5 Síneoidhan gearánach an gearán agus tabharfaidh sé nó sí tuairisc le mionsonraí leordhóthanacha ar a fhaisnéis/faisnéis aitheantais, ar thoradh nó cinneadh an athbhreithnithe bainistíochta a bhfuil gearán á dhéanamh ina aghaidh, ar ábhar an ghearáin, ar fhorais an ghearáin chomh maith le haon fhianaise i scríbhinn nó aon fhianaise eile a chur isteach a mheasann an gearánach a bheith ábhartha chuige sin. Más gá, féadfaidh an Bord Réitigh a iarraidh ar an ngearánach a g(h)earán a shoiléiriú agus/nó a chomhlánú laistigh de thréimhse ghearr, agus mura ndéanfar sin measfar an gearán a bheith neamh-inghlactha. Déanfar an admháil go bhfuarthas an gearán a leagtar amach in § 1.2 lena marcáiltear tús na tréimhse ama a leagtar amach in § 1.7 a luaithe a bheidh gearán a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach thíos faighte chun sástacht an Bhoird Réitigh.

1.6 Déanfar an gearán laistigh de 21 lá as a chéile ó na dátaí seo a leanas:

(a) ón dáta ar tugadh fógra faoin gcinneadh bainistíochta (nó i gcás cinntí intuigthe, ó dhul in éag an téarma a leagtar amach faoi § 1.2 thuas) nó faoin ngníomh bainistíochta don duine lena mbaineann, i gcás gníomh bainistíochta aonair;

(b) ón dáta ar foilsíodh an gníomh bainistíochta lena mbaineann, i gcás gníomh bainistíochta ginearálta; nó

(c) ón dáta ar a bhfuil eolas (agus fianaise chuí ann) ag an ngearánach ar ghníomh bainistíochta, mura foilsíodh an gníomh ná mura tugadh fógra ina leith.

1.7 Tabharfaidh an Bord Réitigh cinneadh réasúnaithe i scríbhinn maidir leis an ngearán a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná 21 lá féilire ón dáta a fuarthas an gearán de bhun § 2.1 i ndáil le § 2.3, agus tabharfaidh sé fógra don ghearánach dá réir sin. I gcás ina mainníonn an Bord Réitigh, de réir mar a chomhfhreagróidh sé, cinneadh a dhéanamh maidir leis an ngearán laistigh den tréimhse sin, measfar gur diúltaíodh go hintuigthe don ghearán sin.

1.8 Ní chuirfidh comhdú gearáin éifeacht an ghnímh bainistíochta atá faoi chonspóid ar fionraí. Féadfaidh an Bord Réitigh, de réir mar a chomhfhreagróidh sé, a chinneadh, áfach, dá lánrogha féin, fionraí (iomlán nó páirteach) an ghnímh bainistíochta a ordú, más gá sin mar gheall ar na himthosca agus ar fheidhmiú cuí na seirbhíse.

([1]) Measfar cinneadh intuigthe a bheith déanta nuair a mheasfar gur diúltaíodh d'iarraidh ó bhall foirne mar thoradh ar easpa freagartha ón mball foirne bainistíochta faoi seach i leith an iarraidh ábhartha laistigh de 30 lá.

1.9 Níl cinneadh chun pionós araíonachta a fhorchur faoi réir nós imeachta um ghearáin ach ina ionad sin féadfaidh cinneadh den sórt sin a bheith faoi réir an nós imeachta um achomharc os comhair 'Deutsche Institution für Schiedsgerichtsbarkeit' go díreach, ar institiúid í atá lonnaithe sa Ghearmáin, (dá ngairtear DIS anseo feasta) de réir § 2. Féach, mar thagairt: https://www.disarb.org/.

1.10 Déanfar aon ghearán foirmiúil nach dtíolactar laistigh den teorainn ama shonraithe a dhiúltú mar gheall ar an am a bheith istigh, ach amháin i gcásanna eisceachtúla ina bhféadfar, ar chúiseanna a bhfuil bunús cuí leo, é a dhearbhú a bheith inghlactha. Beidh an mhainneachtain cloí leis na teorainneacha ama mar thoradh ar chúiseanna nach bhfuil neart ag an ngearánach atá ina bhall foirne orthu, agus beidh fad na moille réasúnta ag féachaint d'imthosca an cháis.

1.11 Is i laethanta féilire a chuirtear na teorainneacha ama uile in iúl sna Rialacháin seo agus tosóidh siad ón lá tar éis an lae ar tharla an t-imeacht ábhartha agus rachaidh siad in éag ag meán oíche (am Hamburg na Gearmáine) ar lá deiridh na teorann ama. Áireofar Satharn, Domhnach agus laethanta saoire poiblí agus an teorainn ama á ríomh. Más rud é gur Satharn, Domhnach nó lá saoire poiblí nó lá neamhoibre i gceanncheathrú na Fondúireachta an lá deireanach de theorainn ama, rachaidh an teorainn ama in éag an chéad lá oibre eile ina dhiaidh sin.

1.12 Beidh an nós imeachta um ghearáin arna bhunú le § 1 agus an nós imeachta um achomharc a leagtar amach faoi § 2 oscailte ina dhiaidh sin, i.e., ní bheidh an nós imeachta um achomharc sin ar oscailt go dtí go mbeidh an chéad nós imeachta ídithe go hiomlán (ach gan dochar do § 1.9), faoi na coinníollacha céanna, *mutatis mutandis*, do na daoine seo a leanas:

(a) iarbhaill foirne;

(b) tairbhithe dlíthiúla na mball foirne; agus

(c) iarrthóirí a chuir isteach ar phost san Fhondúireacht trí nós imeachta roghnúcháin, ar choinníoll go mbaineann an gearán le neamhrialtacht sa nós imeachta roghnúcháin.

2. NÓS IMEACHTA UM ACHOMHARC OS COMHAIR DIS

2.1 Féadfar an cinneadh maidir leis an nós imeachta um ghearáin arna ghlacadh ag an mBord Réitigh a achomharc chun DIS, má mheastar gur gá sin, agus déanfar sin i gcomhréir lena rialacha agus forálacha bailí ag gach pointe ama.

2.2 Féadfar achomharc a chomhdú go díreach os comhair DIS sna cásanna a rialaítear faoi § 1.2 agus § 1.9 thuas, agus féadfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin achomharc a chomhdú freisin thar ceann na Fondúireachta in aghaidh ball foirne a sháraigh aon cheann dá (h)oibleagáidí nó dá d(h)ualgais.

2.3 Beidh breithiúnais DIS críochnaitheach agus ina gceangal ar na páirtithe.

2.4 Fad a bheidh achomharc ar feitheamh, staonfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ó aon bheart eile a dhéanamh i leith an bhaill foirne.

2.5 Ní chuirfear an cinneadh bainistíochta atá faoi chonspóid ar fionraí trí achomharc a thaisceadh; Beidh feidhm ag § 1.8. Mar sin féin, féadfaidh an ball foirne iarraidh a chomhdú le DIS chun cur chun feidhme cinnidh bainistíochta atá á chonspóid (iarraidh ar bhac ar fhorghníomhú) a chur ar fionraí i gcásanna ina bhfuil práinn ar leith agus ina ndéanfadh cur chun feidhme an chinnidh bainistíochta dochar tromchúiseach doleasaithe don bhall foirne.

2.6 I gcásanna eisceachtúla, féadfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, ar mhaithe leis an bhFondúireacht agus laistigh de theorainneacha an bhuiséid atá ar fáil, réiteach arna chomhaontú go frithpháirteach a thabhairt i gcrích chun deireadh a chur le díospóid a thugtar os comhair DIS ar choinníoll go dtréigeann an ball foirne gach gníomh agus éileamh a d'fhéadfaí a dhéanamh amach anseo i leith na díospóide sin.

2.7 Má mheasann an Stiúrthóir Feidhmiúcháin gur dócha go gcruthófaí deacrachtaí tromchúiseacha inmheánacha d'Fhondúireacht AE-MLC le forghníomhú cinnidh maidir le neamhniú, cuirfidh sé nó sí DIS ar an eolas chuige sin trí thuairim réasúnaithe a thabhairt. Má mheasann DIS go bhfuil na cúiseanna a thug an Stiúrthóir Feidhmiúcháin bailí, socróidh sé ansin an tsuim a bheidh le híoc leis an achomharcóir mar chúiteamh.

2.8 De bhun théarmaí a Reachta agus a Rialacha Nós Imeachta féin, beidh DIS inniúil freisin chun cinneadh a dhéanamh maidir le hiarrataí ar cheartúchán, léirmhíniú, athbhreithniú agus forghníomhú arna gcomhdú ag na páirtithe i dtaca le nós imeachta um achomharc.

IARSCRÍBHINN 2

Rátaí per diem reatha arna bhfoilsiú ag an gCoimisiún Eorpach (nuashonrú is déanaí an 25 Iúil 2022): https://www.eeas.europa.eu/sites/default/files/documents/2024/Annexe%20M%20Current%20per%20diem%20rates.pdf.